**IMLITIR Uimhir 0047/2011**

## CHUIG BOIRD BHAINISTÍOCHTA/COISTÍ GAIRMOIDEACHAIS AGUS PRÍOMHOIDÍ SCOILEANNA NÁISIÚNTA

# RIACHTANAIS PHROMHAIDH DO CHLÁRÚ OIDÍ BUNSCOILE

## RÉAMHRÁ

### 1. Cuspóir na himlitreach seo

Tugann an imlitir seo cur síos ar na coinníollacha a rialaíonn an próiseas promhaidh d'oidí bunscoile. Beidh forálacha na himlitreach seo i bhfeidhm go dtí go n-aistreofar an fhreagracht as nósanna imeachta agus critéir d'ionduchtú agus promhadh oidí a bhunú chuig an gComhairle Mhúinteoireachta ar dháta is faide anonn. Tagann an imlitir seo in ionad na hImlitreach 0058/2010 a tharraingítear siar leis seo. Déan cinnte, le do thoil, go gcuirfear cóipeanna den imlitir seo ar fáil do chomhaltaí uile an Bhoird Bhainistíochta/an Choiste Gairmoideachais agus go dtarraingítear aird gach oide ar promhadh atá fostaithe agat, oidí atá ar chead neamhláithreachta san áireamh, ar ábhar na himlitreach seo. Is féidir teacht ar an imlitir ar shuíomh gréasáin na Roinne www.education.ie.

### 2. An tábhacht atá le forbairt agus cleachtadh gairmiúil iarcháiliúcháin

Am ríthábhachtach i bhforbairt ghairmiúil oide is ea an t-aistriú ón gclár oiliúna tosaigh d'oidí chuig obair mar oide i scoil. I rith an ama seo, forbraíonn agus feabhsaíonn oidí a scileanna teagaisc i suíomhanna scoile, coinníonn siad leis an bhforbairt ghairmiúil a thosaigh i rith an oideachais tosaigh múinteora agus a bheidh ar siúl ar feadh na gairmréime acu, agus déantar comhaltaí lánchláraithe de ghairm na múinteoireachta díobh. Tréimhse is ea í ina bhfoghlaimíonn siad trí obair i gcomhar le comhghleacaithe agus faoi stiúir phríomhoide na scoile. Chun tacú le hoidí aistriú rathúil a dhéanamh ó oideachas tosaigh múinteora chun oibre i scoil, bhunaigh an tAire Oideachais agus Scileanna Clár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí i Meán Fómhair 2010.

## 3. Clár ábhair na himlitreach seo

San imlitir seo

- Tagraítear do na riachtanais go mbeadh oidí cáilithe agus cláraithe agus tugtar cuntas ar an gcaoi inar féidir leis an gComhairle Mhúinteoireachta oidí a chlárú faoi réir ag coinníollacha, coinníollacha promhaidh san áireamh (míreanna 4-6)

- Tugtar sonraí den Chlár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí a cruthaíodh chun tacaíocht agus comhairle a chur ar oidí nuacháilithe agus oidí eile atá ag gabháil don phróiseas promhaidh (mír 7)

- Tugtar cur síos ar an bpróiseas promhaidh a chaithfidh oidí a chur i gcrích go sásúil má tá siad le clárúchán iomlán ("clárúchán gan choinníollacha") de chuid na Comhairle Múinteoireachta a bhaint amach (míreanna 8-12)

- Cuirtear san áireamh leasaithe ar an riachtanas seirbhíse atá ordaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta d'fhonn clárú iomlán ag an gComhairle a bhaint amach.

- Tugtar cur síos ar na nósanna imeachta do mheasúnacht chumais ghairmiúil oidí ar promhadh a bheidh á gcur i bhfeidhm ag Cigireacht na Roinne chun bunús a thabhairt do chinntí na Comhairle Múinteoireachta maidir le clárú oidí bunscoile (míreanna 11-12)

- Leagtar amach na socruithe do chigireacht fhorlíontach atá i bhfeidhm nuair a bhogann oide a bhíonn ar promhadh i suíomh teoranta chuig suíomh príomhshrutha (mír 14)

- Leagtar amach na socruithe i leith oidí nach bhfuil riachtanas na Gaeilge sásaithe go fóill acu (mír 14)

- Tarraingítear aird oidí agus oidí faoi oiliúint ionchasacha ar leasuithe maidir le haitheantas na Comhairle Múinteoireachta ar cháilíochtaí oide a fhaightear i dtír eile de chuid an AE/LEE nuair a thosaítear an cúrsa a mbronntar an cháilíocht dá thoradh ón 1 Eanáir 2011 ar aghaidh (mír 15).

## CUID A: CLÁRÚCHÁN OIDÍ AG AN gCOMHAIRLE MHÚINTEOIREACHTA

**4.**
**Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta do chlárúchán oidí**

4.1. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an comhlacht a bhfuil freagracht reachtúil aici as clárú oidí in Éirinn. Cláraíonn an Chomhairle oidí de réir Rialachán na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009. Is féidir cóip de na rialacháin seo agus sonraí iomlána ar an gcaoi inar féidir le hoidí nuacháilithe agus oidí eile iarratas ar chlárú a dhéanamh leis an gComhairle a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

4.2. I gcoitinne, bíonn oide atá cláraithe faoi Rialachán 2 (Bunscoil) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 incháilithe chun a c(h)eaptha mar oide i ngach suíomh príomhshrutha agus gach suíomh oideachais speisialta i mbunscoileanna agus scoileanna speisialta aitheanta. Is féidir nach mbeidh oide a bhíonn cláraithe faoi Rialachán 3 (Montessori agus Catagóirí Eile) de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 incháilithe chun a c(h)eaptha mar oide ach i suíomhanna teoranta amháin, i.e. i gcatagóirí áirithe de scoileanna speisialta agus i ranganna speisialta i scoileanna príomhshrutha áit nach bhfuil an Ghaeilge ina riachtanas curaclaim, agus mar Mhúinteoir Acmhainne do dhaltaí le míchumais íosmhinicíochta (mar a léirítear in Imlitir Sp Ed 02/05 agus Imlitir Sp Ed 36/2006). Féadfaidh an tAire Oideachais agus Scileanna incháilitheacht oide chun a c(h)eaptha ar phoist áirithe i scoileanna aitheanta a athrú ó am go ham.

4.3. Tugann Imlitir 0031/2011 na Roinne Oideachais agus Scileanna cur síos ar na freagrachtaí atá ar na scoileanna, mar fhostóirí, maidir le hearcú oidí, clárúchán agus cáilíochtaí agus na socruithe atá i bhfeidhm i leith luach saothair.

**5. Clárúchán faoi réir ag coinníollacha**

5.1. Cláraíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta oidí bunscoile nuacháilithe a bhfuil a gcuid oideachais tosaigh múinteora críochnaithe acu sa Stát tar éis don phróiseas cláraithe a bheith curtha i gcrích. Cláraítear iad ar an gcoinníoll go gcomhlíonfaidh siad na riachtanais phromhaidh go sásúil. Déantar an lán-chlárúchán a dheimhniú nuair a bhíonn an próiseas promhaidh curtha i gcrích go sásúil acu.

5.2. Cláraíonn an Chomhairle Mhúinteoireachta freisin formhór na n-oidí cáilithe a bhfuil a gcuid oideachais tosaigh múinteora críochnaithe thar lear acu, faoi réir ag coinníollacha, tar éis don phróiseas cláraithe a bheith curtha i gcrích. Coinníollacha iad seo a bhainfeadh le heasnaimh i gcáilíochtaí a chur ina gceart, riachtanais na Gaeilge a chomhlíonadh agus próiseas promhaidh a chur i gcrích go sásúil.

5.3. Is féidir na sonraí iomlána faoi chlárú faoi réir ag coinníollacha a fháil ar shuíomh gréasáin na Comhairle Múinteoireachta.

**6. Teorainneacha ama ar chlárúchán faoi réir ag coinníollacha**

6.1. De réir forálacha Acht na Comhairle Múinteoireachta, 2001, leagann an Chomhairle Mhúinteoireachta síos an tréimhse ina gcaithfear na coinníollacha a chomhlíonadh a ghabhann le clárú faoi réir ag coinníollacha. Má mhainnítear na coinníollacha a chuireann an Chomhairle le clárú a chomhlíonadh go sásúil laistigh den teorainn ama ordaithe d'fhéadfadh clárúchán an oide dul as feidhm agus d'fhéadfadh impleachtaí a bheith ann dá c(h)uid incháilitheachta i gcomhair fostaíochta i scoil.

6.2. Braitheann na teorainneacha ama a leagann an Chomhairle síos, agus nach mór don oide na coinníollacha a ghabhann lena c(h)lárú a chomhlíonadh laistigh díobh, ar na coinníollacha atá le comhlíonadh:

- Tá clárú faoi réir ag coinníoll an phromhaidh agus ag an gcoinníoll sin amháin bailí ar feadh tréimhse trí bliana ó dháta an chéad chlárúcháin

- Tá clárúchán le coinníollacha nach coinníollacha promhaidh iad (mar shampla, coinníollacha a bhaineann le heasnaimh i gcáilíochtaí a chur ina gceart) bailí ar feadh tréimhse trí bliana ó dháta an chéad chlárúcháin

- Nuair a chláraítear oidí faoi réir ag coinníollacha promhaidh agus coinníollacha eile araon (mar shampla, coinníollacha a bhaineann le heasnaimh i gcáilíochtaí a chur ina gceart agus le riachtanais phromhaidh), ceadaítear dhá thréimhse trí bliana as a chéile

- Ní mór gach coinníoll nach coinníoll promhaidh é a chomhlíonadh sula dtosnaíonn an tréimhse phromhaidh. San áireamh anseo tá an tréimhse trí seachtaine sa Ghaeltacht.

- Tosnóidh an tréimhse trí bliana a cheadaítear chun dul i ngleic le coinníollacha promhaidh lá i ndiaidh an dáta ar a gcomhlíontar na riachtanais neamh-phromhaidh.

6.3. Oidí cláraithe a bhí fostaithe i bpoist a aithnítear chun críche promhaidh, agus a cláraíodh roimh 1 Meán Fómhair 2010, agus nach raibh a dtréimhse phromhaidh imithe in éag faoin dáta sin, beidh orthu an riachtanas promhaidh a shásamh faoi 31 Lúnasa 2015.

## CUID B: AN CLÁR IONDUCHTAITHE NÁISIÚNTA D'OIDÍ

**7. Tacaíocht ionduchtaithe**

7.1. Aithníonn an tAire Oideachais agus Scileanna tábhacht an aistrithe ón gclár oiliúna tosaigh d'oidí chuig obair mar oide ar scoil agus mar sin tacaíonn sé le soláthar Chlár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí, trí líonra na n-ionad oideachais. Tá an clár tacaíochta ionduchtaithe ar fáil do gach uile oide cáilithe dá bhfuil aitheantas ar choinníoll deonaithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta.

7.2. Ag tógáil ar an eolas, ar na scileanna agus ar na hinniúlachtaí a forbraíodh le linn na céime oideachais tosaigh an mhúinteora, cuireann an Clár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí tacaíocht agus comhairle ghairmiúil ar fáil d'oidí nuacháilithe. Cuimsíonn sé seo réimsí ar nós scileanna bainistíochta agus eagraíochta seomra ranga, oibriú mar ghairmí, pleanáil agus ullmhú oibre, measúnú, idirdhealú, litearthacht agus uimhearthacht a theagasc, straitéisí praiticiúla leis an Ghaeilge a theagasc, bainistiú iompraíochta, cleachtas cuimsitheach, cosaint leanaí agus obair le tuismitheoirí. Soláthraítear an clár ionduchtaithe ar mhodhanna éagsúla (ceardlanna, seimineáir, tacaíocht ar líne agus grúpaí tacaíochta gairme san áireamh). Comhlánaíonn an clár ionduchtaithe an tacaíocht, an chomhairle agus na deiseanna ar bhreathnóireacht oidí agus ar an aiseolas a fháil, a chuireann príomhoidí agus oidí eile ar fáil d'oidí nuacháilithe ina scoileanna. Mar aitheantas ar thábhacht an leanúntais in oideachas múinteoirí, cinntíonn an Clár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí go mbíonn comhcheangal dlúth ann le hoiliúnóirí múinteoirí sna coláistí oiliúna agus sna hollscoileanna.

7.3. Moltar go láidir d'oidí nuacháilithe atá ag glacadh post i mbunscoileanna aitheanta clárú agus páirt iomlán a ghlacadh sa Chlár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí in ionad oideachais. Iarrtar ar phríomhoidí oidí nuacháilithe a ghríosadh chun páirt a ghlacadh sa chlár ionduchtaithe agus comhoibriú le soláthar an chláir.

Tá tuilleadh sonraí faoin gclár ar fáil ar shuíomh gréasáin an Chláir Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí, www.teacherinduction.ie.

## CUID C: AN PRÓISEAS PROMHAIDH D'OIDÍ BUNSCOILE

### 8. An próiseas promhaidh d'oidí a bhfuil clárú coinníollach acu

8.1. Tá dhá eilimint sa phróiseas promhaidh a chaithfidh oidí a chríochnú go sásúil má tá siad le coinníollacha a gclárúcháin ag an gComhairle Mhúinteoireachta a chomhlíonadh. Chun an próiseas a chríochnú go sásúil, ní mór don oide

- Tréimhse de sheirbhís shásúil i scoil a chur isteach ("riachtanas na seirbhíse") agus
- A (h)inniúlacht ghairmiúil a léiriú i suíomh scoile ("riachtanas na hinniúlachta gairmiúla").

### 9. Tús a chur leis an bpróiseas promhaidh

9.1. Tá oide atá cláraithe faoi réir ag coinníollacha ag an gComhairle Mhúinteoireachta agus nach bhfuil ach an coinníoll promhaidh fágtha le comhlíonadh aige/aici i dteideal tosnú láithreach ag comhlíonadh an riachtanais phromhaidh i bpost múinteoireachta, atá aitheanta chun críche promhaidh, i mbunscoil. Ní mór gach uile choinníoll cláraithe eile a bheith comhlíonta ina iomláine agus deimhnithe ag an gComhairle Mhúinteoireachta sula gcuirtear iarratas isteach ar dhul faoin bpróiseas promhaidh.

9.2. Ní mór d'oide atá cláraithe nó a bhfuil iarratas déanta aige/aici ar chlárúchán leis an gComhairle Mhúinteoireachta, agus gur gá dó/di a (h)inniúlacht ghairmiúil a fháil measúnaithe chun riachtanais phromhaidh na Comhairle a shásamh, iarratas a dhéanamh ar chigireacht chuig Ionad Oideachais Luimnigh (a riarann sonraí faoi oidí ar promhadh thar ceann Chigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna) ag úsáid foirm OP1 dóibh, foirm atá ar fáil ar www.lec.ie. Ní ghlacfar ach le hiarratais ó oidí atá cláraithe leis an gComhairle Mhúinteoireachta agus nach bhfuil de choinníoll gan chomhlíonadh acu ach an promhadh. Ní féidir iarratais a dhéanamh ach go leictreonach amháin agus caithfear iad a dhéanamh a luaithe agus a chuireann an t-oide tús le seirbhís i bpost a mhairfidh ar feadh tréimshe 50 lá scoile as a chéile ar a laghad agus atá aitheanta chun críche promhaidh. Déantar gach iarracht a chinntiú go ndéantar cigireacht sa scoilbhliain chéanna ar na hoidí incháilithe uilig a dhéanann iarratas ar chigireacht.

### 10. Riachtanais seirbhíse i gcomhair promhaidh

10.1. I bhfianaise na líonta oidí nuacháilithe gur dócha go mbeidh siad ag dul isteach i ngairm na múinteoireachta sa scoilbhliain 2011-12 agus i bhfianaise infhaighteachta ionchais na bpost múinteoireachta, tá cinnte ag an gComhairle Mhúinteoireachta go laghdófar an t-íosriachtanas seirbhíse chun críche cláraithe agus promhaidh ar feadh na scoilbhliana 2011-12 agus ar feadh na scoilbhliana sin amháin. Faoin riachtanas nua, ní mór d'oide ar promhadh íoslíon de 100 lá scoile a dhéanamh ón dáta gur ceapadh ar dtús é/í ar phost atá aitheanta chun críche promhaidh i mbunscoil. Ní mór an tseirbhís seo a chur isteach tar éis cáilíocht mhúinteoireachta a bheith bainte amach agus ní mór dó/di a bheith déanta suas de cheachtar acu dhá thréimhse de 50 lá scoile as a chéile ar a laghad nó tréimhse amháin de 100 lá scoile, agus measúnóidh an Chigireacht inniúlacht ghairmiúil an oide le linn na dtréimhsí sin. Ní mór an tseirbhís seo a chríochnú laistigh d'íosmhéid trí bliana ó dháta an chéad chláraithe nó, más infheidhme, ón dáta a chomhlíontar coinníollacha eile. (Feic mír 6 thuas.)

10.2. Beidh feidhm ag na coinníollacha leasaithe seirbhíse (100 lá) freisin i leith gach uile oide gan phromhadh atá tar éis tosnú ag teagasc roimh an scoilbhliain 2011-12.

10.3 Mar riail ghinearálta, is féidir seirbhís i bpost buan nó sealadach nó i bpost múinteoireachta ionadaí i mbunscoil a chur san áireamh chun críche promhaidh, faoi réir ag na coinníollacha sna hailt thíos. Féadtar

an tseirbhís seo a thabhairt i suíomh príomhshrutha, ranga speisialta nó scoile speisialta, nó i bpost mar mhúinteoir acmhainne lánaimseartha (míchumais íosmhinicíochta).

10.4. Is é/í an t-oide ar promhadh atá freagrach as fianaise scríofa ar a s(h)eirbhís a fháil ó bhainistíocht na scoile nó na scoileanna fostaíochta agus an taifead seo a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta d'fhonn an Chomhairle a shásamh maidir le cur i gcrích an riachtanais seirbhíse. (Feic Foirm C ar www.teachingcouncil.ie.)

10.5. I gcás oidí a bhí fostaithe i scoileanna aitheanta roimh 1 Meán Fómhair 2010 agus a fhéadfadh fianaise ar a gcuid seirbhíse a bheith de dhíth orthu le cur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta d'fhonn an Chomhairle a shásamh maidir le comhlíonadh an riachtanais seirbhíse, tabharfaidh an Roinn taifead ar a gcuid seirbhíse suas go dtí 31 Lúnasa 2010 do na hoidí seo agus is féidir é seo a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta i dteannta le Foirm C.

## 11. Riachtanais inniúlachta gairmiúla: Cuairteanna agus tuairiscí cigireachta

### Measúnacht ar inniúlacht ghairmiúil

11.1. Go dtí go mbeidh na próisis phromhaidh agus ionduchtaithe ag obair faoi choimirce dhíreach na Comhairle Múinteoireachta mar atá léirithe i mír 1 thuas, leanfaidh Cigireacht na Roinne Oideachais agus Scileanna uirthi leis an measúnú ar inniúlacht ghairmiúil oidí chun críche bunús a chur le cinntí na Comhairle Múinteoireachta maidir le clárú iomlán nó clárú coinníollach oidí bunscoile.

11.2. Is cóir don oide freastal agus páirt a ghlacadh sa Chlár Ionduchtaithe Náisiúnta d'Oidí (mar atá léirithe i mír 7 thuas). Gheobhaidh múinteoirí ar promhadh freisin an cúnamh agus an chomhairle a chuireann príomhoidí agus oidí eile ar fáil d'oidí nuacheaptha.

11.3. Déanfaidh Cigireacht na Roinne cigireacht ar obair an oide le linn dá chuairt cigireachta nach bhfógrófar roimh ré. Féadtar cuairteanna cigireachta a thabhairt am ar bith i rith na scoilbhliana agus de ghnáth mairfidh siad ar feadh tuairim is leath lá scoile. I rith na gcuairteanna cigireachta, déanfaidh an cigire measúnú ar éifeacht an oide i dtimpeallacht an tseomra ranga agus ar mhúineadh réimsí agus ábhar as an gcuraclam mar atá léirithe i gCuraclam na Bunscoile. Tabharfaidh an cigire comhairle agus aiseolas ó bhéal chuig an oide le linn gach cuairte freisin. Tá sé inmhianaithe go mbeadh an príomhoide (nó oide eile lánchláraithe a bheidh arna ainmniú ag an bpríomhoide) i láthair nuair a bheifear ag tabhairt an aiseolais ó bhéal don oide nuacháilithe. Tá na critéir a úsáidtear nuair atáthar ag measúnú obair an oide liostáilte in Aguisín A.

11.4. Tar éis don dá chuairt cigireachta a bheith déanta, cinnfidh an Chigireacht ar an rátáil atá le cur ar obair an oide mar seo a leanas:

(a) "**Inniúlacht shásúil léirithe i suíomh príomhshrutha.**" Léiríonn an rátáil seo go bhfuil scileanna sásúla múinteoireachta léirithe ag an oide i ranganna príomhshrutha
nó

(b) "**Inniúlacht shásúil léirithe i suíomh teoranta.**" Léiríonn an rátáil seo go bhfuil scileanna sásúla múinteoireachta léirithe ag an oide i suíomh teoranta (féach 4.2 thuas)
nó

(c) "**Tréimhse bhreise de dhíth chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú**." De ghnáth ní féidir an rátáil seo a úsáid ach aon uair amháin, i ndiaidh an dá chuairt cigireachta (sa chéad bhliain seirbhíse de ghnáth), nuair is féidir leis an gcigire a mholadh go bhfuil tuilleadh ama de dhíth ar an oide chun a c(h)uid scileanna múinteoireachta a fhorbairt agus a léiriú. Féadfaidh sé seo tarlú toisc go measann an cigire go bhfuil laigí suntasacha ar obair an oide agus go bhfuil tuilleadh ama de dhíth air/uirthi chun scileanna cuí a fhorbairt
nó

(d)
"**Níl inniúlacht shásúil léirithe**." Léiríonn an rátáil seo go measann an cigire nach bhfuil scileanna sásúla múinteoireachta léirithe ag an oide sa suíomh ina ndearnadh measúnú ar a c(h)uid oibre.

**Tuairiscí a thagann as measúnú ar inniúlacht ghairmiúil**

11.5. Cuirfidh an Chigireacht deimhniú scríofa ar fáil don oide (tríd an ríomhphost) go bhfuil inniúlacht shásúil léirithe i suíomh príomhshrutha nó i suíomh teoranta.

11.6. Tá sé de fhreagracht ar an múinteoir ar promhadh an deimhniú scríofa seo a chur faoi bhráid na Comhairle Múinteoireachta d'fhonn an Chomhairle a shásamh maidir le comhlíonadh riachtanas na hinniúlachta gairmiúla. (Feic Foirm C ar www.teachingcouncil.ie.) Cuirfidh an Chigireacht in iúl don Chomhairle Mhúinteoireachta ainmneacha agus sonraí aitheantais riachtanacha eile gach oide a bhfuil an rátáil "Inniúlacht shásúil léirithe i suíomh príomhshrutha" nó "Inniúlacht shásúil léirithe i suíomh teoranta" curtha ar a c(h)uid oibre.

11.7. I gcás oidí a bhfuil an rátáil "Tréimhse bhreise de dhíth chun inniúlacht ghairmiúil a fhorbairt agus a léiriú" nó "Nach bhfuil inniúlacht shásúil léirithe" curtha ar a gcuid oibre, tabharfaidh an Chigireacht tuairisc scríofa cigireachta don oide a léireoidh torthaí an mheasúnaithe agus ina mbeidh comhairle breactha síos maidir le forbairt bhreise. Cuirfear ainmneacha agus sonraí aitheantais riachtanacha eile na n-oidí dá n-eiseofar tuairiscí dá leithéid ar fáil don Chomhairle Mhúinteoireachta.

11.8. Áit a bhfadaítear an tréimhse phromhaidh tar éis do na gnáth-riachtanais seirbhíse a bheith dulta thart mar atá luaite i mír 11.4(c) thuas, ní mór don oide athiarratas a chur isteach ar chuairteanna cigireachta ar an bhfoirm OP1 a luaithe is a thosnóidh sé/sí ar sheirbhís ináirithe i scoil sa scoilbhliain dar gcionn. Beidh líon na gcuairteanna a thabharfar ar oidí dá leithéid (1 nó 2) faoi rogha an chigire aonair. Tabharfar tús áite do na hoidí seo i gcomhair cuairteanna cigireachta.

11.9 Áit a measann an cigire "Nach bhfuil inniúlacht shásúil léirithe" ag an oide mar atá luaite i mír 11.4(d) thuas ní mór don oide athiarratas a chur isteach ar chuairteanna cigireachta ar an bhfoirm OP1 a luaithe is a thosnóidh sé/sí ar sheirbhís i scoil sa scoilbhliain dar gcionn. Ní mór don oide tréimhse eile nach lú ná dhá thréimhse de 50 lá scoile as a chéile, an dá thréimhse acu leis an rang céanna, a chur isteach, agus measúnóidh an Chigireacht inniúlacht ghairmiúil an oide le linn na dtréimhsí sin. Déanfar na cuairteanna cigireachta de réir mhír 11.3 thuas.

11.10. Os rud é nach n-eisítear tuairisc scríofa chuig an oide ar promhadh i ndiaidh an mheasúnaithe ar a c(h)uid inniúlachta gairme, ní ceadaithe cóipeanna de thuairiscí cigireachta faoi shocruithe promhaidh roimhe seo ná deimhniú scríofa ar inniúlacht ghairmiúil ná tuairiscí cigireachta faoi shocruithe promhaidh reatha a áireamh i measc na gcáipéisí tacaíochta a iarrtar nuair atáthar ag lorg iarratas ar phoist mhúinteoireachta i mbunscoileanna aitheanta. Leasaítear leis seo Aguisín D de Boird Bhainistíochta Scoileanna Náisiúnta: Comhdhéanamh na mBord agus na Rialacha Imeachta.

11.11. Féadfaidh oide athbhreithniú ar chigireacht a lorg i gcomhréir le Nósanna Imeachta d'Athbhreithniú ar Chigireachtaí ar Scoileanna agus ar Mhúinteoirí de réir Alt 13(9) den Acht Oideachais, 1998.

**12. An próiseas promhaidh a chríochnú**

12.1. Tá críochnú na tréimhse promhaidh faoi réir ag riachtanais seirbhíse maraon le riachtanais inniúlachta gairmiúla a bheith comhlíonta. Ní mór don oide a dheimhniú don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil an dá riachtanas comhlíonta aige/aici agus is faoin gComhairle atá cinntí maidir le clárú an oide. Tagann deireadh leis an tréimhse phromhaidh nuair is deimhin leis an gComhairle Mhúinteoireachta go bhfuil an riachtanas seirbhíse agus an riachtanas inniúlachta gairmiúla araon comhlíonta ina n-iomláine. Tabharfaidh an Chomhairle deimhniú don oide maidir lena c(h)lárú coinníollach nó lena c(h)lárú iomlán mar oide.

12.2. Má mhainnítear na coinníollacha a chuireann an Chomhairle Mhúinteoireachta le clárú a chríochnú go sásúil laistigh den teorainn ama ordaithe is féidir go rachadh clárú an oide as feidhm agus is féidir go mbeadh impleachtaí aige seo dá (h)incháilitheacht i gcomhair fostaíochta i scoil.

**13. Oidí a théann ó shuíomhanna teoranta go dtí suíomhanna príomhshrutha**

13.1. Oidí a bhfuil inniúlacht shásúil léirithe acu i suíomh teoranta agus atá incháilithe chun oibre i suíomhanna seomra ranga príomhshrutha, ní mór dóibh inniúlacht ghairmiúil i suíomhanna dá leithéid a léiriú laistigh de dhá bhliain tar éis dóibh post a ghlacadh i seomra ranga príomhshrutha.

13.2. Nuair a ghlacann oide a bhfuil promhadh déanta air/uirthi i suíomh teoranta post i seomra ranga príomhshrutha, ní mór don oide a chur in iúl don Chomhairle Mhúinteoireachta i scríbhinn an dáta ar ar ghlac sé/sí an post seo sa chaoi is go mbeidh an Chomhairle in ann tréimhse chuí dhá bhliana a cheadú chun an choinníoll seo a chomhlíonadh. Is cóir d'oidí dá leithéid iarratas a chur isteach ar chuairt fhorlíontach cigireachta ag úsáid foirm OP1 dóibh, nuair atá post i suíomh príomhshrutha glactha acu ar feadh 50 lá as a chéile ar a laghad. Is í an Chigireacht a chuirfidh an chigireacht fhorlíontach i gcrích ar obair oidí sa chatagóir seo, mar thoradh de ghnáth ar aon chuairt amháin nach bhfógrófar, agus díreofar ar aon scileanna gairmiúla nach mbeidh measúnú déanta orthu, b'fhéidir, sa suíomh teoranta. Cuirfidh an Chigireacht an toradh in iúl don oide agus don Chomhairle Mhúinteoireachta de réir na rátálacha a luaitear ag 11.4 (a), (c) nó (d) thuas.

13.3 Oidí atá cláraithe faoi Rialachán 2 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 agus a chríochnaíonn go sásúil riachtanas na hinniúlachta gairmiúla i dteaglaim de shuíomhanna príomhshrutha agus suíomhanna teoranta, measfar iad a bheith promhaithe go hiomlán agus ní bheidh cuairteanna forlíontacha de dhíth orthu.

## CUID D: ATHRUITHE EILE AR AN bPRÓISEAS PROMHAIDH CHUN CRÍCHE CLÁRAITHE

### 14. An riachtanas Gaeilge agus an measúnú ar inniúlacht ar an nGaeilge a theagasc

14.1. Tá sé ina choinníoll i gcomhair cláraithe faoi Rialachán 2 de Rialacháin na Comhairle Múinteoireachta [Clárú] 2009 go mbeadh riachtanas Gaeilge na Comhairle Múinteoireachta comhlíonta ag an oide. Oidí gur gá dóibh a dheimhniú don Chomhairle Mhúinteoireachta go bhfuil siad inniúil ar an nGaeilge a theagasc (ar a nós siúd a fuair a gcuid oideachais tosaigh múinteora lasmuigh den Stát), déanann siad amhlaidh trí thriail inniúlachta nó tréimhse oiriúnaithe a chríochnú, a dhéanann an dá cheann acu tástáil ar chumas an oide chun an Ghaeilge a theagasc i suíomhanna seomra ranga. Tá sonraí iomlána ar fáil ar www.ilrweb.ie.

14.2. Go dtí 1 Meán Fómhair 2010, bhí ar oidí a raibh an Scrúdú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (SCG) nó Oiriúnú le haghaidh Cáilíochta sa Ghaeilge (OCG) déanta acu a gcuid inniúlachta gairmiúla i dteagasc na Gaeilge i suíomh seomra ranga a léiriú. Bhí ar na hoidí seo tuairisc shásúil chigireachta eile a fháil ar a n-inniúlacht i dteagasc na Gaeilge (Ráiteas) laistigh de dhá bhliain tar éis dóibh post príomhshrutha a ghlacadh. Toisc, áfach, go dtástáiltear inniúlacht oidí ar an nGaeilge a theagasc i suíomh seomra ranga faoi láthair mar chuid den ghnás measúnaithe don triail inniúlachta agus don tréimhse oiriúnaithe araon, ní gá an Ráiteas a thuilleadh agus tá deireadh curtha leis an nós seo ó 1 Meán Fómhair 2010. D'fhonn an SCG/OCG a chríochnú, éileofar ar gach uile oide fianaise a chur ar fáil don chomhordaitheoir SCG/OCG i gColáiste Mhuire Marino ar fhreastal a bheith déanta acu ar [Choláiste] Gaeltachta atá aitheanta ag an Roinn Oideachais agus Scileanna.

### 15. Cáilíochtaí oiliúna múinteoirí a fuarthas i dtíortha an Aontais Eorpaigh (AE)/Limistéir Eorpaigh Eacnamaíoch (LEE)

15.1. De réir Treoracha Chomhairle na hEorpa ar Aitheantas Frithpháirteach do Cháilíochtaí Gairmiúla, a trasuíodh i ndlí ag na Rialacháin um Aitheantas um Cháilíochtaí Gairmiúla (Treoir 2005/36/EC) 2008 (I.R. Uimh. 139 de 2008), tá daoine atá aitheanta chun críche na múinteoireachta i mballstát amháin den AE i dteideal aitheantas a fháil do na cáilíochtaí sin sna ballstáit eile ar fad. Is féidir aitheantas dá leithéid a bhronnadh faoi réir ag coinníollacha, go dtí go ndéantar cúiteamh as easnaimh ar bith a aithnítear. Is í an Chomhairle Mhúinteoireachta an t-údarás inniúil/ainmnithe in Éirinn chun iarratais a mheas d'fhonn a chinntiú go gcomhlíonann siad na critéir cáilíochta a leagtar síos i rialacháin chuí na Comhairle Múinteoireachta. I gcoitinne, ní mór d'oidí na coinníollacha eile ar fad a leagann an Chomhairle Mhúinteoireachta síos a chomhlíonadh sula dtéann siad i ngleic le haon choinníollacha promhaidh a éilíonn an Chomhairle. Tá tuilleadh sonraí faoi impleachtaí na Treorach thuas do Chlárú agus Cáilíochtaí Oidí leagtha amach in Imlitir 0031/2010.

15.2. Is cóir go gcuimseodh iarratais ar chlárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta fianaise gur críochnaíodh go sásúil próisis fhoirmeálta phromhaidh/ionduchtaithe a cuireadh i gcrích i ndlínse eile, áit gurb amhlaidh a bhí. Is gnó don Chomhairle Mhúinteoireachta é a chinneadh cibé an leor an fhianaise a chuirtear ar fáil chun díolúine a cheadú ón riachtanais phromhaidh in Éirinn.

15.3. D'eisigh an Chomhairle Mhúinteoireachta fógra ar 19 Bealtaine 2010 ag cur in iúl do dhaoine a raibh sé i gceist acu cáilíocht oiliúna múinteoirí a thosnú i mballstát eile den AE/LEE ó 1 Eanáir 2011 amach go

gcaithfidh siad freisin aon tréimhse iarcháilíochta de chleachtas gairmiúil (m.sh. Múinteoirí Nuacháilithe nó bliain ionduchtaithe) a chríochnú agus a bheith lán-aitheanta/lán-cháilithe ag údarás ainmnithe an bhallstáit sin faoi théarmaí Treorach 2005/36/EC sula n-éilíonn siad clárú leis an gComhairle Mhúinteoireachta in Éirinn. Ní dhéanann an fógra seo ón gComhairle Mhúinteoireachta aon athrú ar na socruithe ina leith siúd a bhfuil tús curtha acu le cáilíocht mhúinteoireachta lasmuigh d’Éirinn roimh 31 Nollaig 2010.

**TUILLEADH EOLAIS**

**An Roinn Oideachais agus Scileanna**
**Lúnasa 2011**

| | |
|---|---|
| **Fiosruithe maidir le:**<br>• Clárú oidí<br>• Iarratas a dhéanamh ar chlárú mar oide<br>• Clárú iomlán agus clárú coinníollach mar oide<br>• Riachtanais phromhaidh d'oidí bunscoile<br>• Incháilitheacht do dhíolúine í riachtanais phromhaidh mar thoradh ar chríochnú sásúil ar phromhadh agus/nó ionduchtú thar lear<br>• Ráitis maidir leis an bpróiseas promhaidh a chríochnú (mar shampla, le húsáid má tá fostaíocht á lorg thar lear) | **Teagmháil:**<br>An Chomhairle Mhúinteoireachta<br>Bloc A Campas Gnó Mhaigh Nuad<br>Maigh Nuad<br>Co Chill Dara<br><br>Fón: 01-651 7900<br>R-phost: info@teachingcouncil.ie<br>Gréasán: www.teachingcouncil.ie |
| **Fiosruithe maidir le:**<br>• lár ionduchtaithe | **Teagmháil:**<br>Oifig an Chláir Ionduchtaithe Náisiúnta<br>Lóiste an Gheata<br>Coláiste Phádraig<br>Droim Conrach<br>Baile Átha Cliath 9<br><br>Fón: 01-884 2257<br>Gréasán: www.teacherinduction.ie<br><br>Comhordaitheoir: Mary Burke<br>R-phost: mary.burke@spd.dcu.ie<br>Fón: 01 884 2288<br>Fón póca: 086 8130997 |
| **Fiosruithe maidir le:**<br>• Riachtanais phromhaidh d'oidí bunscoile<br>• Iarratas ar chuairteanna cigireachta chun inniúlacht ghairmiúil a mheas<br>• Cuairteanna cigireachta d'inniúlacht ghairmiúil | **Teagmháil:**<br>Deasc Phromhadh Oidí<br>Ionad Oideachais Luimnigh<br>Marshal House<br>Dooradoyle Road<br>Luimneach<br><br>Fón: 061-585060 ext 4<br>R-phost: probation@lec.ie<br>Gréasán: www.lec.ie |

## AGUISÍN A

### CRITÉIRÍ A ÚSÁIDTEAR SA CHIGIREACHT AR OBAIR OIDÍ DO CHÚISEANNA PROMHAIDH AGUS CLÁRÚCHÁIN

### Pleanáil, ullmhúchán agus dul chun cinn a chlárú

Leorgacht chlár ama an ranga ag tagairt don chreatlach ama seachtainiúil íosta a shainítear i *gCuraclam na Bunscoile*
Soiléire na gcuspóirí múinteoireachta, fadtéarma agus gearrthéarma araon
Oiriúnacht na gcuspóirí: méid na tagartha do *Churaclam na Bunscoile* (agus aird chuí á thabhairt ar a bhunphrionsabail) agus Plean na Scoile
Raon agus oiriúnacht na n-acmhainní
Soláthar d'éagsúlachtaí i gcumais na ndaltaí
Caighdeán agus éifeachtacht na dtaifead ar dhul chun cinn

**Bainistiú agus eagrú an tseomra ranga**

Araíonacht agus iompraíocht mhaith a chothú
Caidreamh comhbhách le daltai a chothú (lena n-áirítear moladh agus aiseolas dearfach a úsáid)
Dea-chuma na timpeallachta ar an iomlán (leagan amach, caighdeán na dtaispeántas lena n-áirítear saothar na ndaltaí, ionaid spéise srl.)
Inrochtaine agus úsáid na n-acmhainní
Bainistiú ar thacaíocht CRS (mar is cuí)

**Caighdeán an teagaisc thar réimsí curaclaim**

Éagsúlacht agus oiriúnacht na modhanna teagaisc, lena n-áirítear foghlaim ranga iomlán, grúpa nó aonair
Obair a mheaitseáil le cumas na ndaltaí le tagairt ar leith do leibhéil aire agus do ghlacacht na ndaltaí
Scileanna cumarsáide m.sh. ceistiú, míniú, freagairt, agus caighdeán an chaidrimh agus na n-idirghníomhaíochtaí idir oide agus daltaí agus daltaí lena chéile
Gnásanna measúnachta, monatóireacht agus clárú ar an bhfoghlaim
Struchtúr agus luas na gceachtanna
Aird ar leanúnachas agus dul chun cinn

**Caighdeán fhoghlaim na ndaltaí i réimsí curaclaim**

An méid ina bhfuil daltaí ar thasc agus ag obair le cuspóir
Réimse agus oiriúnacht an ábhair a chlúdaítear
Eolas na ndaltaí ar an ábhar, scileanna agus dearcthaí
Caighdeán na dtorthaí foghlama, lena n-áirítear obair scríofa